2025/2585

16.12.2025

CINNEADH (CBES) 2025/2585 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Nollaig 2025

lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise i bhfogha na Rúise faoin Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/642/CBES [1].

(2) An 15 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle conclúidí ina n-iarrtar go bhfeabhsófaí a thuilleadh na freagairtí atá á dtabhairt ar leibhéal an Aontais chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear an bhréagaisnéis, agus chun an athléimneacht a neartú. Thug an Chomhairle dá haire go dtugann teicneolaíochtaí agus géarchéimeanna nua deiseanna do ghníomhaithe naimhdeacha a ngníomhaíochtaí trasnaíochta a leathnú. Is dúshláin bhreise iad na gníomhaíochtaí sin do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais.

(3) Tar éis ghlacadh an Chompáis Straitéisigh um Shlándáil agus Cosaint i mí an Mhárta 2022, bhunaigh an tAontas Bosca Uirlisí Hibrideach an Aontais. Is éard atá sa bhosca uirlisí sin na bearta coisctheacha, comhair, forbartha cobhsaíochta, sriantacha agus tacaíochta dá dtagraítear sna conclúidí ón gComhairle an 21 Meitheamh 2022 maidir le Creat le haghaidh freagairt chomhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha.

(4) Sna conclúidí uaithi an 21 Meitheamh 2022, agus an 18 Iúil 2022, d'iarr an Chomhairle an athuair ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún roghanna a mholadh, lena ndéanfaí cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú go hiomlán, le haghaidh bearta dea-shainithe a d'fhéadfaí a dhéanamh, nuair is gá sin chun ord poiblí agus slándáil a chosaint san Aontas, i gcoinne gníomhaithe a bhfuil ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (bagairtí 'FIMI' mar a thugtar orthu) á dhéanamh acu. Tharla an iarraidh sin i gcomhthéacs Phlean Gníomhaíochta 2018 i gcoinne na Bréagaisnéise, agus an Chórais Mear-Rabhaidh a bunaíodh in 2019 chun faisnéis agus dea-chleachtais a chómhalartú i measc institiúidí an Aontais agus na Ballstáit maidir le cur i gcoinne na bréagaisnéise.

(5) I mí Feabhra 2023, d'fhoilsigh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí tuarascáil maidir le bagairtí na hionramhála agus an chur isteach eachtrach ar fhaisnéis, inar shainmhínigh sí ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis mar phatrún iompraíochta atá neamhdhlíthiúil den chuid is mó a chuireann luachanna, nósanna imeachta agus próisis pholaitiúla i mbaol nó a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt orthu. Is gníomhaíocht ionramhála í an ghníomhaíocht sin, arna déanamh d'aon ghnó agus ar bhealach comhordaithe, ag gníomhaithe stáit nó gníomhaithe eile nach iad, lena n-áirítear a n-ionadaithe laistigh agus lasmuigh dá gcríoch féin. I ndiaidh na tuarascála sin, forbraíodh bosca uirlisí maidir le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, a d'fhormhuinigh an Chomhairle i mí na Nollag 2023 lena soláthraítear creat comhroinnte le haghaidh freagairtí, taobh le taobh le modheolaíocht Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, chun feachtais ionramhála agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a bhrath agus chun freagairt orthu.

(6) Sna conclúidí uaithi an 19 Feabhra 2024, cháin an Chomhairle go láidir na hionsaithe hibrideacha a bhí á ndéanamh ag teorainneacha seachtracha an Aontais, lena n-áirítear ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh ag réimeas na Bealarúise, ina raibh an Rúis comhpháirteach, chun críoch polaitiúil.

(7) An 11 Nollaig 2024, ghlac an Coimisiún teachtaireacht chun tacú leis na Ballstáit agus iad ag cur i gcoinne na mbagairtí hibrideacha ina raibh an imirce á húsáid mar uirlis troda ag an Rúis agus ag an mBealarúis, agus an tslándáil á neartú ag teorainneacha seachtracha an Aontais.

(8) Sna conclúidí uaithi an 21 Bealtaine 2024, d'aithin an Chomhairle go bhfuil gníomhaithe stáit agus gníomhaithe eile nach iad ag baint níos mó agus níos mó úsáide as oirbhearta hibrideacha, rud ar bhagairt mhéadaitheach é ar shlándáil an Aontais, a Bhallstát agus a chomhpháirtithe agus d'iarr sí ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit dlús a chur lena ngníomhaíocht faireacháin ar iarrachtaí gníomhaithe eachtracha chun cur isteach ar phróiseas daonlathach an Aontais.

[1] Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 285, 17.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/642/oj).

(9) Sna conclúidí uaithi an 23 Deireadh Fómhair 2025, tharraing an Chomhairle Eorpach aird ar ionsaithe hibrideacha treisithe na Rúise agus na Bealarúise agus ar na sáruithe a rinneadh le déanaí roimhe sin ar aerspás an Aontais.

(10) An 29 Deireadh Fómhair 2025, d'eisigh an tArdionadaí ráiteas thar ceann an Aontais Eorpaigh inar cáineadh gníomhaíochtaí leanúnacha, gríosaitheacha agus do-ghlactha na Bealarúise i gcoinne an Aontais agus na mBallstát. Agus balúin sondála á seoladh isteach in aerspás na Liotuáine ón mBealarúis, rud a chuir isteach ar na céadta eitilt agus a bhí ina chúis le caillteanais shuntasacha d'aerfoirt na Liotuáine agus do na mílte taistealaithe, is iarracht iad chun imeaglú a dhéanamh ar shaoránaigh an Aontais trí bhagairtí díreacha a dhéanamh ar an eitlíocht shibhialta agus tá an baol ann go ndéanfaí Ballstát den Aontas a dhíchobhsú. Ní hamháin gur uirlisí smuigleála iad na balúin sin, ach is cuid d'fheachtas hibrideach spriocdhírithe níos leithne a n-ionraí, mar aon le gníomhaíochtaí eile, lena n-áirítear smuigleáil státurraithe imirceach.

(11) Measann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur gá critéar breise a thabhairt isteach i gCinneadh 2012/642/CBES maidir le liostú daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Phoblacht na Bealarúise, a chuireann chun feidhme iad, a thacaíonn leo, a bhaineann tairbhe astu, nó a éascaíonn iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit, in eagraíocht idirnáisiúnta nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad ar an méid sin, nó lena mbaintear an bonn de cheannasacht nó de neamhspleáchas ceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit, nó de thríú tír, nó ar bagairt iad ar an méid sin, lena n-áirítear i gcásanna ina gcuirtear isteach ar fheidhmiú bonneagair chriticiúil mar thoradh orthu, i gcás ina bhfuil sé réasúnta a chreidiúint go raibh na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí ar an eolas ar a laghad faoi na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2012/642/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3(1) mar a leanas:

(a) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'(ca) atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Phoblacht na Bealarúise a chur chun feidhme, tacú leo, tairbhe a bhaint astu, a bheith rannpháirteach iontu nó iad a éascú, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas, i gceann amháin nó i roinnt dá Bhallstáit, in eagraíocht idirnáisiúnta nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad ar an méid sin, nó lena mbaintear an bonn de cheannasacht nó de neamhspleáchas ceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit, nó de thríú tír, nó ar bagairt iad ar an méid sin, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, go díreach nó go hindíreach, tacú leis nó é a éascú ar bhealach éigin eile;

(ii) aon ghníomhaíocht a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh inti, go díreach nó go hindíreach, tacú léi nó í a éascú ar bhealach eile, ar gníomhaíocht í atá dírithe i gcoinne feidhmiú institiúidí daonlathacha, feidhmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó feidhmiú seirbhísí leasa phoiblí, lena n-áirítear trí dhul isteach ar bhealach neamhúdaraithe ar chríoch Bhallstáit, lena n-áirítear a aerspás, nó aon ghníomhaíocht dar cuspóir cur isteach ar bhonneagar criticiúil, damáiste a dhéanamh dó nó é a scriosadh, lena n-áirítear trí shabaitéireacht nó cibirghníomhaíochtaí mailíseacha mar chuid de ghníomhaíochtaí hibrideacha;

(iii) gníomhaíochtaí forleathana nó córasacha lena gcuirtear isteach ar fheidhmiú an bhonneagair chriticiúil a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh iontu, go díreach nó go hindíreach, tacú leo, nó iad a éascú nó a chumasú ar bhealach eile;

(cb) ar daoine nádúrtha iad atá ag tacú leis na daoine atá páirteach i ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (ca);'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'(f) ar daoine nádúrtha iad a bhfuil baint acu le daoine dá dtagraítear i bpointí (b), (c), (ca), (d) nó (e).'

(2) leasaítear Airteagal 4(1) mar a leanas:

(a) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(ca) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Phoblacht na Bealarúise, nó a chuireann chun feidhme gníomhaíochtaí nó beartais, nó a thacaíonn leo, a bhaineann tairbhe astu, atá rannpháirteach iontu nó a dhéanann iad a éascú, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas, i gceann amháin nó i roinnt dá Bhallstáit, in eagraíocht idirnáisiúnta nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad ar an méid sin, nó lena mbaintear an bonn de cheannasacht nó de neamhspleáchas ceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit, nó de thríú tír, nó ar bagairt iad ar an méid sin, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, go díreach nó go hindíreach, tacú leis nó é a éascú ar bhealach eile

(ii) gníomhaíocht a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh inti, go díreach nó go hindíreach, tacú léi nó í a éascú ar bhealach eile ar gníomhaíocht í atá dírithe i gcoinne feidhmiú institiúidí daonlathacha, feidhmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó feidhmiú seirbhísí leasa phoiblí, lena n-áirítear trí dhul isteach ar bhealach neamhúdaraithe ar chríoch Bhallstáit, lena n-áirítear a aerspás, nó ar gníomhaíocht í arb é is toradh léi go ndéantar feidhmiú an bhonneagair chriticiúil a réabadh, nó aon ghníomhaíocht dar cuspóir cur isteach ar bhonneagar criticiúil, damáiste a dhéanamh dó nó é a scriosadh, lena n-áirítear trí shabaitéireacht nó cibirghníomhaíochtaí mailíseacha mar chuid de ghníomhaíochtaí hibrideacha;

(iii) gníomhaíochtaí forleathana nó córasacha lena gcuirtear isteach ar fheidhmiú an bhonneagair chriticiúil a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh iontu, go díreach nó go hindíreach, tacú leo, nó iad a éascú nó a chumasú ar bhealach eile;

(cb) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá ag tacú leis na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí atá páirteach i ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (ca);’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu le daoine, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear i bpointí (b), (c), (ca), (d) nó (da).’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS